Céad Míle Gníomh Cineáltais
mar bhronntanas don Phápa Proinsias
agus Cruinniú Domhanda na dTeaghlach
ó Pháistí atá ag dul faoi Lámh Easpaigi 2018

Réamhrá

Is acmhainn ó Chruinniú Domhanda na dTeaghlach é seo atá an-simplí le húsáid. Díríonn sé ar 16 gníomh (roinnte i 5 aicme éagsúla) do iarrthóirí cóineartaithe le machnamh orthu agus le tabhairt futhu i gcomhrá lena dtuismitheoiri/caomhnóirí (agus/nó le cabhair a múinteora/paroiste).

Agus é ag caint le daoine óga spreagann an Pápa iad le bheith i gcónaí cróga, le dul amach sa saol feasach ar a mbuanna agus talanna féin agus ag iarraidh difríocht a dhéanamh.

Tá na gníomhartha ar fad oiríúnach ó thaobh aoise, ach san am céanna tugann siad dúshlán d' iarrthoirí cóineartaithe a saol a chaitheamh i gcreideamh oiread agus is féidir leo

'Siad na cúig aicme gníomhartha:

- **Ag taispeáint Buíochais agus Lúcháire**
- **Ag déanamh athmhuintearais le daoine eile**
- **Ag úsáid mo bhuanna agus mo thalanna ar mhaithe le daoine eile**
- **Ag déanamh roghanna maithe**
- **Ag tabhairt aire don domhan, ár mbaile comónta**

Ní liosta simplí de rudaí atá le déanamh é seo, agus ní bhaineann sé le haon chineál scrúdú coinsiasa. Sé an rud atá i gceist ná daoine óga a spreagadh le doimhin-smaoineamh a dhéanamh ar an cheangal atá idir a gcreideamh agus a saol. Is rud é an creideamh atá le maireachtáil! Spreagann sé comhráití, machnaimh agus gníomhartha atá tábhachtach agus fiúntach.

Agus é ag caint le daoine óga spreagann an Pápa iad a bheith i gcónaí cróga, dul amach sa saol feasach ar a mbuanna agus talanna féin agus ag iarraidh difríocht a dhéanamh. Tá na gníomhartha a moltar anseo ag eascairt as dhá phríomh-théacs ón bPápa Proinsias. Sa chéad áit**, Amoris Laetitia**, aitheasc an Phápa Proinsias ar an teaghlach, agus sa dara áit, **Laudato Si**, litir an Phápa Proinsias ar chúram a thabhairt dár mbaile comónta. Le breis eolais a fháil faoi Amoris Laetitia féach, le do thoil, ar amoris.ie. Le breis eolais a fháil ar Laudato Si téigh go dtí trocaire.org

Nuair a oireann sé, ceangailtear gach ceann de na gníomhartha ar ais le haltanna ar leith de Amoris Laetitia (AL) nó Laudato Si (LS). Is féidir, ar ndóigh, an liosta seo de ghníomhartha a athrú le bheith oiriúnach do riachtanaisí oideachasúla agus fírinne grúpaí ar mhian leis an bparóiste dul i dteagmháil leo.

Is moltaí d'iarrthoirí aonaracha iad furmhór na nGníomhartha, le machnamh orthu tré chur is cúiteamh le daoine eile, ach tá cuid acu gur féidir le rang nó grúpa paróiste tabhairt futhu. Tá roinnt eile a bhféadfadh teaghlach tabhairt futhu le chéile.

Maidir leis na comhráití a d'fhéadfadh bheith agat ar na gníomhartha a moltar anseo, ní gá duit dul tríotha in aon suí amháin! Mar shampla, d'fhéadfá aicme amháin sa tseachtain a roghnú le machnamh air le chéile.

'Sí an aidhm na mílte gníomh a fháil idir seo agus Cruinniú Domhanda na dTeaghlachh 2018.

Ag cur Gníomhartha Cineáltais isteach

Is féidir le hiarrthóirí a nGníomhartha Cineáltais a chur isteach ar-líne tríd an leathanach seo: -
AMORIS.ie/confirmation

Ba cheart an fhoirm seo a líonadh ag iarrthóir don chóineartú in éineacht le tuismitheoir/caomhnóir (nó múinteoir), ionas go mbeidh siad páirteach sa tionscnamh seo. Tá cuireadh a thabhairt don iarrthóir an Gníomh a bhfuil siad ag tabhairt faoi a roinnt linn agus cad d'fhoghlaim sé/sí uaidh

D'fhéadfaí rogha de na Gníomhartha Cineáltais a úsáidchun an tionscnamh seo a chur chun cinn.

Cuirfear na Gníomhartha Cineáltais go léir san áireamh san áiritheoir/graf a thaispéanfaidh lion na nGníomh i ngach ceann de na cúig aicme

Go raibh maith agat as tacú leis an tionscnamh seo.